# Stoirm



Bhí sé ag cur báistí **gan stad gan staonadh** Dé Sathairn seo caite. Bhí an ghaoth ag séideadh go láidir freisin. B'éigean do na páistí fanacht sa teach ar feadh an lae. Chaith siad an lá ag féachaint amach an fhuinneog. Chonaic siad daoine ag siúl agus ag rith go tapaidh ar an tsráid. Bhí **scáth fearthainne** ag gach éinne. Bhí a lán uisce ar na sráideanna agus bhí an **trácht** ag gluaiseacht go mall. Um thráthnóna bhí **toirneach** agus **tintreach** ann. Bhí **scanradh** ar na páistí. Mheas siad go raibh an toirneach díreach os a gcionn. Ar an teilifís an oíche sin chonaic siad go raibh **tuilte** in áiteanna. Leag an ghaoth crainn ar fud na tíre.

**Foclóir:**
**scáth fearthainne,** umbrella
**tintreach,** lightning
**toirneach,** thunder

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**
1. Cén fáth ar fhan na páistí sa teach Dé Sathairn seo caite?
   — mar bhí siad tinn.
   — mar bhí sé ag cur báistí.
   — mar bhí eagla orthu.
2. Cad a tharla um thráthnóna?
   — Bhí toirneach agus tintreach ann.
   — Bhí féasta ar siúl.
   — Chuaigh na páistí amach ag siúl.
3. Céard a bhí ar na páistí nuair a bhí an toirneach agus an tintreach ann?
   — áthas.
   — ocras.
   — scanradh.

**B. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:**
1. Bhí sé ag cur báistí gan — gan — .
2. B'éigean do na páistí — sa teach ar feadh — — .
3. Chonaic siad daoine ag — agus ag — go — .
4. Bhí a lán uisce ar na — .
5. Leag an ghaoth — ar fud na tíre.

**C. Cuir na focail seo a leanas in abairtí:**
scáth fearthainne, scanradh, toirneach, tuilte.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**
1. Cathain a bhí sé ag cur báistí gan stad gan staonadh?
2. Cad a rinne na páistí an lá sin?
3. Cén fáth nach raibh siad ag súgradh ar na sráideanna?
4. Cén fáth a raibh an trácht ag gluaiseacht go mall?
5. Cad chuige scáth fearthainne?
6. Cén fáth a raibh scanradh ar na páistí?
7. Céard a chonaic na páistí ar an teilifís?

**Gramadach 20**
1. Bhí scáth fearthainne **ag gach éinne.**
   (mise, tusa, eisean, ise, sinne, sibhse, iadsan.)
2. **Chaith** siad an lá ag féachaint amach an fhuinneog **inné.**
   (gach lá, amárach, an ?, ní.)